2023/2687

28.11.2023

CINNEADH (CBES) 2023/2687 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Samhain 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2023, d'fhormheas an Coiste Polaitiúil agus Slándála moladh ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') maidir le gníomhaíocht chun tacú leis an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta i gcoinne Boko Haram atá le maoiniú faoin mbeart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 arna bunú le Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle ([1]) ('an beart cúnaimh').

(2) An 7 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/510 ([2]), lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2022/667, trí eagraíocht neamhrialtasach na hEilvéise, COGINTA, a chur ar liosta na n-eintiteas ar féidir leo gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt.

(3) An 18 Deireadh Fómhair 2023, d'fhormheas an Coiste Polaitiúil agus Slándála moladh ón Ardionadaí an t-oibreoir Francach, *Défense Conseil International* (*DCI Group*), a chur in ionad eagraíocht neamhrialtasach na hEilvéise, COGINTA, mar ghníomhaí cur chun feidhme do chuid den ghníomhaíocht chun tacú leis an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart *DCI Group* a chur san áireamh ar liosta na n-eintiteas a fhéadfaidh gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/667 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/667:

'IARSCRÍBHINN

Liosta d'aireachtaí, ranna rialtais agus comhlachtaí, agus gníomhaireachtaí eile dlí phoiblí de chuid na mBallstát, agus comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a tugadh ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh, a fhéadfaidh gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt (*):

— Deutsche Gesellschaft für Internationale Zusammenarbeit

— Expertise France

— Défense Conseil International (DCI Group)

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle an 21 Aibreán 2022 maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 (IO L 121, 22.4.2022, lch. 38).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/510 ón gComhairle an 7 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 (IO L 70, 8.3.2023, lch. 55).

Liosta na n-eintiteas neamhbhrabúis a fhéadfaidh gníomhaíochtaí faoin mBeart Cúnaimh a chur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt:

— COGINTA

_____

(*) Ní bhaineann an liosta seo ach leis an mbeart cúnaimh arna bhunú leis an gCinneadh seo, agus ní eisiatar leis an fhéidearthacht go bhféadfar eintitis eile a ainmniú do bhearta cúnaimh sa todhchaí, lena n-áirítear iad siúd atá i bhfoirm clár ginearálta.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Samhain 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Y. DÍAZ PÉREZ